# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Staidéar Foirgníochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.


Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022*




# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

**Nóta**: *Tá nótaí agus grafaicí ann ar mhaithe le léiriú agus níl siad eisiach ná uileghabhálach, glactar le nótaí agus le grafaicí eile a bhaineann le hábhar mar fhreagraí agus tabharfar marcanna dóibh dá réir.*

## Ceist 1.

**(a) Gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach, trí na lindéir choincréite, trí fhráma an dorais agus tríd an doras féin.**




**Sonraíocht – gnáthshonra**

- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas inslithe líonta go hiomlán 200 mm
- 100 mm bloc coincréite duille istigh
- Plástar inmheánach 15 mm
- Lindéir choincréite
- Ballacheangal
- DPC céimnithe
- Téip aerdhíonach
- Dúntóir cuais
- Fráma dorais briste go teirmeach 150 mm × 80 mm
- Doras seachtrach inslithe 90 mm

*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

**(b) Sonraí dearaidh chun a chinntiú go mbíonn an cuas dúnta ag ceann an dorais.**

Dúntóir cuais.

*Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*


# Ceist 2

**(a) Modh oiriúnach amháin leis an díon a insliú ag leibhéal ghiarsaí na síleála.**

- Gearrtar an rolla inslithe go dtí an leithead idir na giarsaí síleála
- Osclaítear amach an rolla inslithe agus pacáiltear é go dlúth idir na giarsaí síleála os cionn an phlástarchláir
- Déantar sraitheanna breise inslithe a shuí os cionn na bunsraithe i bhformáid thrasna.







**Cineál inslithe**

- Insliú snáithínghloine
- Ceallalós Séidte Isteach
- Insliú spraechúir
- Insliú cnáibe


**Tiús inslithe**


- Tiús íosmhéid inslithe 300 mm.

**(b) Nótaí agus sceitsí saorláimhe, conas is féidir an t-umar stórála uisce agus an phíbobair a insliú.**

**Umar stórála uisce**

- Ní chuirtear insliú áiléir ag leibhéal an dín faoin umar stórála uisce chun ligean don teas ardú agus cosc a chur ar reo an umair in aimsir fhuar
- Déantar insliú a ghearradh de réir méide agus déantar é a shuí ag na taobhanna agus barr an umair stórála uisce.





**Píbobair**

- Cuirtear feadáin cúrphoileitiléine timpeall ar an bpíbobair go léir san áiléar
- Úsáidtear téip dhucta chun dhá fheadán cúir a cheangal le chéile áit a mbuaileann siad le chéile
- Is féidir insliú fálaithe píopa frithchaiteach a úsáid freisin chun an phíbobair go léir a thimpeallú.


**(c) Dhá bhuntáiste a bhaineann le spás an áiléir i dteach a ardinsliú**

- Caillteanas teasa laghdaithe
- Billí fuinnimh laghdaithe
- Compord teirmeach méadaithe
- Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) feabhsaithe
- Níos fearr don timpeallacht

*Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.*

## Ceist 3

**(a) An phíbobair atá riachtanach chun an t-uisce báistí a bhailiú ón díon agus é a thógáil go dtí an t-umar stórála faoi thalamh.**



**Gnáthshonraí:**


- Gáitéar sceimhle 125 mm
- Fánphíobán 65 mm
- Píobán 100 mm faoi thalamh go dtí an t-umar stórála
- Scagaire smionagair
- Umar stórála uisce faoi thalamh
- Píobán sceite.

*N.B. Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.*

**(b) Píbobair chun an t-uisce báistí a thógáil ón umar faoi thalamh go dtí an t-umar stórála san áiléar. Píbobair chun sistéal an leithris a nascadh leis an umar stórála san áiléar.**

**Gnáthshonraí:**

- Caidéal intumtha san umar stórála uisce
- Píobán 12 mm ón umar stórála uisce go dtí an scagaire
- Scagaire inlíne
- Umar stórála 230 lítear san áiléar
- Píobán sceite
- Comhla liathróide
- Fothú 12 mm go dtí sistéal an leithris
- Leithreas
- Na comhlaí riachtanacha go léir



**(c) Buntáiste amháin a bhaineann le huisce báistí a athúsáid i dteach cónaithe.**


- Maireachtáil inbhuanaithe
- Laghdaíonn sé tuilte timpeall réadmhaoine
- Laghdaigh costas cóireála uisce mar gheall ar úsáid laghdaithe.


*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile*

## Ceist 4

**(a) Nótaí agus sceitse saorláimhe, taispeáin na sonraí tipiciúla tógála den landair stoda.**

- Pláta máis ag bun na landaire 100 mm × 45 mm
- Ceannphláta ag barr na landaire 100 mm × 45 mm
- Stodaí ceartingearacha idir an ceannphláta agus an pláta máis 100 mm × 45 mm
- Snaidhmeanna nogtha a chuirtear idir na stodaí chun doichte a mhéadú 100 mm × 45 mm
- Ceann dorais curtha os cionn na hoscailte 100 mm × 45 mm
- Ursaineacha dorais chun an ceann dorais a iompar 100 mm × 45 mm






*Glacfar le haon mhionsonraí bailí eile.*

**(b) Buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le landair stoda adhmaid a úsáid chun seomraí ar leith a dhéanamh**

| Buntáiste | Míbhuntáiste |
|---|---|
| Éasca le suiteáil | Deacair fuaim a bhíonn ag taisteal tríd a stopadh |
| Rogha níos saoire ná landair bhloc-thógtha | Féidearthacht chraptha agus ait |
| Éasca seirbhísí a shuiteáil sa bhalla | Deacair míreanna troma a chrochadh agus a shocrú ar an mballa |
| Ábhar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol | Níos éasca damáiste a dhéanamh don landair |

**(c) Dhá bhuntáiste a bhaineann le seomra suí a dhéanamh a bheadh scartha amach ón gcistin.**

- Chun truailliú torainn go dtí an seomra suí a laghdú.
- Príobháideacht a thabhairt d'áititheoirí ceachtar seomra
- Chun bolaithe a laghdú go dtí an seomra suí
- Níos lú macalla i spás níos lú
- Spásanna ar leith le hithe agus le scíth a ligean.


*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.*

## Ceist 5

**(a) Gearradh ceartingearach trí na trí chéim is íochtaraí den staighre.**

**Sonraíocht – gnáthshonra**

- Teaghrán 250 mm × 50 mm
- Bonn 250 mm × 25 mm
- Éadan céime 170 mm x 20 mm
- Alt idir an bonn agus an t-éadan céime
- Socnáil 16 mm ar a laghad
- Ding cheartingearach
- Ding chothrománach
- Bloic ghliú 60 mm × 60 mm
- Líne chlaonta (uasmhéad 42$^{o}$)




*Nóta: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair*

**(b) Sonra dearaidh amháin chun díoscarnach a chosc nuair a bhíonn an staighre in úsáid.**

- Bloic ghliú
- Dingeacha cothrománacha agus ceartingearacha a úsáid
- Ceangal suite go dlúth idir an t-éadan céime agus an bonn.

*Glacfar le haon mhionsonraí oiriúnacha eile.*

# Ceist 6

**(a) Trí chomhartha sábháilteachta a leagann béim ar úsáid trealamh cosanta pearsanta (PPE) nach mór d'oibrithe a chaitheamh agus casúr neomatach á úsáid.**

**Luaigh conas a chosnaíonn an trealamh cosanta pearsanta oibrithe.**

**Cosantóirí cluas**

Cosnaíonn sé éisteacht oibrithe ó na leibhéil arda deicibeile a astaítear agus an casúr neomatach á úsáid.






**Buataisí sábháilteachta**

Cosnaíonn sé oibrithe ó ábhair throma agus ó rudaí a thiteann agus a ghortaíonn a gcosa.

**Spéaclaí sábháilteachta**

Cosnaíonn sé súile oibrithe ó bhruscar eitilte agus ó dheannach agus an casúr neomatach á úsáid.





**Masc deannaigh**

Cosnaíonn sé scamhóga oibrithe ó cháithníní deannaigh agus an casúr neomatach á úsáid.



**Lámhainní sábháilteachta**

Cosnaíonn sé lámha oibrithe agus iad ag bogadh smionagar briste ag an gcasúr neomatach.

**(b) Dhá riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrí tógála nuair a bhíonn uirlisí cumhachta á n-úsáid acu ar láithreán tógála.**


**Cúiseanna Féideartha:**


- Damáiste don éisteacht mar gheall ar thorann iomarcach
- Gortú leictreach mar gheall ar theagmháil le cáblaí beo nochta
- Nochtadh do dheannach agus múch mura n-úsáidtear PPE ceart
- Ró-úsáid uirlisí gníomhaithe casúir as a dtagann Siondróm le Creathadh Lámh (HAVS)
- Teagmháil le seirbhísí faoi thalamh.


*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.*

**(c) Trí úsáid a bhaint as nótaí agus sceitse saorláimhe, taispeáin réamhchúram sábháilteachta amháin a laghdóidh an riosca don phobal fad is atá cosán nua á sholáthar.**

- Comharthaíocht a chur in airde chun an pobal a threorú amach ón gcrios oibre
- Áirithigh go bhfuil ráillí cosanta agus fógraí creasa eisiaimh ann chun gaireacht an phobail leis an limistéar oibre a theorannú
- Áirithigh go stórálfar ábhar tógála achar sábháilte ar shiúl ó na criosanna poiblí oscailte
- Cuir foscadh deannaigh timpeall ar an limistéar oibre chun cosc a chur ar cháithníní deannaigh a shéideadh isteach sna criosanna poiblí oscailte.







*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile.*

# Ceist 7

**(a) Pléigh dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach spás gairdín a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais an teaghlaigh.**

- Limistéar sábháilte le haghaidh imeachtaí sóisialta agus siamsaíochta
- Limistéar príobháideach don teaghlach chun taitneamh a bhaint as an taobh amuigh
- Cuireann sé maireachtáil taobh amuigh chun cinn
- Éascaíonn sé limistéar ilchuspóireach do gach aoisghrúpa chun taitneamh a bhaint as agus lena úsáid
- Síneadh ar an teach a fhágann gur spás inúsáidte é don teaghlach
- Le gairdíní dea-dheartha is féidir luibheanna agus glasraí a fhás
- Stóráil bhreise a sholáthar d-úinéirí tithe.

**(b) Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin ar an sceitse an suíomh is rogha leat do gach ceann díobh seo a leanas i spás an ghairdín:**
- **spás itheacháin/maireachtála lasmuigh**
- **stóras sa ghairdín**
- **ceapacha bláthanna**
- **limistéar faiche.**



**Tabhair fáth amháin le gach suíomh a roghnaigh tú.**


**Spás itheacháin/maireachtála lasmuigh**
- Suite gar don áit chónaithe ionas gur féidir maireachtáil laistigh agus lasmuigh a éascú
- Suite chun solas na gréine ó dheas a ghabháil
- Suite ar shiúl ón teach chun scáthú ón áit chónaithe a chosc.

**Stóras sa ghairdín**
- Suite in aice leis an ngeata isteach ionas go mbeidh sé éasca é a úsáid agus soláthairtí gairdín á stóráil
- Suite ar chúl an ghairdín chun saoirse gluaiseachta timpeall an ghairdín a éascú
- Suite in aice le fál ar an taobh le cosc a chur ar scáthú ar limistéar an ghairdín.

**Ceapacha bláthanna**
- Lonnaithe i radharc ón áit chónaithe le go mbainfidh áitritheoirí taitneamh as an radharc
- Suite chun solas na gréine a ghabháil i rith an lae
- Suite feadh fál teorann chun gluaiseacht éasca timpeall an ghairdín a éascú.

**Limistéar faiche**
- Suite i líne radhairc na n-áititheoirí
- Suite gar don áit chónaithe chun an dúlra a thabhairt gar don taobh istigh
- Suite ar chúl an ghairdín chun cosc a chur ar áititheoirí salachar agus uisce a thógáil ar lá fliuch.

*Glac le haon suíomhanna oiriúnacha eile*




**(c) Pléigh dhá bhuntáiste a bhaineann le crainn agus plandaí a chur san áireamh i ndearadh an ghairdín**

- Cuireann sé folláine chun cinn
- Feabhsaíonn sé cáilíocht an aeir
- Meallann sé pailneoirí chuig an ngairdín
- Feabhsaíonn sé cuma fhoriomlán an ghairdín
- Scáth nádúrtha agus foscadh don teach cónaithe
- Laghdaíonn sé tuilte ó rith chun srutha uisce báistí.

*Aon chúis bhailí eile*


# Ceist 8

**Dúshraith stráice**




- Cineál simplí agus coitianta bunús a úsáidtear le haghaidh tithe teaghlaigh
- Úsáid inbhuanaithe agus eacnamaíoch ábhair
- Déantar coincréit a threisiú le cruach chun neart teanntachta na dúshraithe a fheabhsú
- Cuirtear ballaí go lárnach ar an bhfondúireacht agus aistrítear na hualaí ag 45⁰ chuig an talamh tacaíochta.
- Úsáidtear dúshraitheanna stráice áit a bhfuil cumas maith iompair ag an ithir máguaird.

**Éadanchlár**






- Tugann sé cuma chríochnaithe don díon agus don teach cónaithe
- Cosnaíonn sé an taobh istigh den áitreabh ó dhamáiste ón aimsir
- Is cuid de sceimhleacha an dín é mar aon leis an tarr
- Cuireann sé dromchla ar fáil ar a socraítear gáitéir
- Déanta as ábhair éagsúla agus adhmaid, PVC agus alúmanam na hábhair is coitianta.

**Téip aerdhíonach**



- Téip an-ghreamaitheach a nascann le hábhar tógála
- Úsáidtear é i gcomhar le scannán aerdhíonach chun struchtúr aerdhíonach agus gaothdhíonach a dhéanamh
- Úsáidtear é chun séideáin a chosc agus chun caillteanas teasa ó struchtúr a laghdú
- Úsáidtear é ag gach acomhal ina dtagann gnéithe éagsúla tógála le chéile, síleáil go balla, urlár go balla
- Úsáidtear é chun séala aerdhíonach a dhéanamh ag frámaí dorais agus fuinneoige.


**Tuirbín gaoithe**

- Foinse fuinnimh inbhuanaithe agus éiceabhách
- Laghdaíonn sé an spleáchas ar fhoinsí fuinnimh breosla iontaise a astaíonn carbón
- Athraíonn fuinneamh gaoithe go fuinneamh meicniúil, rud a ghineann leictreachas
- D'fhéadfadh tuirbíní gaoithe a bheith mar chuid d'fheirm ghaoithe tráchtála a sholáthraíonn fuinneamh don eangach Náisiúnta.
- Soláthraíonn tuirbíní gaoithe baile níos lú fuinneamh breise do thithe agus d'fheirmeacha
- D'fhéadfadh tuirbíní gaoithe a bheith ina n-ais chothrománach nó ina n-ais ingearach i bhfoirm.


**Dabhach shéarachais**

- Dúnpholl faoi thalamh a úsáidtear chun fuíolluisce tí a bhailiú, a stóráil agus a chóireáil
- Deartha chun truailliú a bhaint agus uisce cóireáilte a scaoileadh go sábháilte ar ais sa timpeallacht
- Oibríonn sé trí úsáid a bhaint as baictéir anaeróbach nádúrtha chun dramhaíl sholadach a bhriseadh síos
- De réir mar a théann fuíolluisce tríd an umar, titeann dramhaíl sholadach go dtí an bun agus cruthaíonn sé sloda
- Cuirtear uisce ar ais chuig an talamh trí an limistéar síothlaithe nasctha.




**Déadalt**


- Alt coitianta a úsáidtear i dtógáil tarraiceán agus bosca
- Úsáidtear é i ndéantúsaíocht troscáin ardchaighdeáin
- Tugann fána an eireabaill neart teanntachta don alt
- Is é 1:8 an fána do chrua-adhmad
- Is é 1:6 an fána do bhogadhmad
- Is féidir é a thógáil de láimh nó le díreog chuasphlána.



**Ballacheangal**


- Feisteas a úsáidtear i dtógáil cuasbhallaí chun cobhsaíocht a chruthú
- Coinníonn sé duilleoga balla le chéile chun aonad láidir iomlán a chruthú
- Déanta go traidisiúnta as cruach dhosmálta ach tá ábhar snáithín basailt coitianta faoi láthair mar gheall ar laghdú ar an droicheadú teirmeach
- Tá sé ar fáil i raon fad ag brath ar leithead an chuais
- Tá ballacheangail leabaithe sa mhoirtéal chun a chinntiú go gcruthófar greim leis an ábhar balla.





**Preabshábh gan sreang**


- Úsáidtear é chun cruthanna agus cuair a ghearradh trí ghníomh frithingithe lainne
- Cumhachtaithe ag cadhnra D.C in-athluchtaithe seachas é a nascadh leis an bpríomhlíonra A.C
- Tá bonn an phreabsháibh suite ar an dromchla oibre agus é á bhrú ar aghaidh ag an úsáideoir
- Uirlis ilúsáideach ar féidir a úsáid ar raon ábhar
- Ceadaíonn an cineál gan sreang timpeallacht oibre níos sábháilte
- Ceadaíonn sé iniomparthacht agus úsáid ar shiúl ó fhoinsí cumhachta.



**Téamh faoi urlár**


- Suiteáiltear ciorcad de phíobáin phoileitiléin faoi leibhéal an urláir críochnaithe
- Scaiptear uisce, a théitear le caidéal teasa, trí na píobáin faoin urlár
- Feidhmíonn an t-urlár mar fhoinse teasa mór a chuireann deireadh le spotaí fuara i seomraí
- Cruthaíonn teocht faoi dhíon níos compordaí agus níos seasmhaí
- Tagann sé in ionad an ghá atá le radaitheoirí ar crochadh balla
- Éifeachtach ó thaobh fuinnimh agus costais de mar gheall ar na teochtaí níos ísle a theastaíonn chun limistéir a théamh.





# Ceist 9

**(a) Adhmad oiriúnach maidir le cumhdach seachtrach,**



- Céadar
- Learóg
- Giúis Dhúghlais
- Dair
- Téac


**Dhá chúis le do rogha.**


- Speiceas adhmaid marthanach
- Níl aon ghá le cóireáil leasaitheach de thairbhe go bhfuil olaí nádúrtha ann
- Frithsheasmhacht nádúrtha maidir le hionsaí ó fheithidí
- Frithsheasmhacht nádúrtha maidir le taise

*Aon chúis bhailí eile*

**(b) Taispeáin dhá athrú ar an bpóirse a ligfeadh breis solais nádúrtha isteach sa teach.**


- Soilse dín a chur isteach
- Cuir fuinneog isteach sa doras isteach
- Cuir fuinneoga isteach sna ballaí seachtracha
- Cuir díon gloine in ionad an díon.





**(c) Pléigh dhá chúis a dteastódh ó úinéirí tí póirse tosaigh a chur ar a dteach.**

- An spás inúsáidte a mhéadú
- Bac séideáin breise a chruthú
- Teacht leis na maoine in aice láimhe
- Slándáil bhreise don teach
- Insliú feabhsaithe maidir le teach atá ann cheana féin
- Luach athdhíola na maoine a mhéadú.



*Aon chúis bhailí eile*

## Ceist 1

| **Gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach, trí na lindéir choincréite, trí fhráma an dorais agus tríd an doras féin.** | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Duille istigh bloc coincréite a bhfuil plástar inmheánach 15 mm leis | **5** |
| Insliú cuais 200 mm atá líonta go hiomlán | |
| Duille amuigh bloc coincréite le rindreáil 19 mm | **5** |
| Ballacheangail | **5** |
| Lindéir choincréite | **5** |
| DPC céimnithe | |
| Téip aerdhíonach | **5** |
| Dúntóir cuais | **5** |
| Fráma dorais briste go teirmeach | **5** |
| Doras seachtrach inslithe | |
| ***Aon mharc 7 x 5*** **Fo-Iomlán** | **35** |
| Aon cheithre ghnáth-thoise | **4** |
| **Dréachtú, cruinneas agus scála** ***(ar fheabhas, maith, measartha) 8 6 4*** | **8** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Cuid (b)** Taispeáin conas atá an cuas dúnta ag ceann an dorais. | |
| Dúntóir cuais | **3** |
| **Fo-Iomlán** | **3** |
| | **50 marc** |

# Ceist 2.

| An díon agus an t-umar stórála a insliú | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>An díon a insliú ag leibhéal ghiarsaí na síleála. | |
| Modh le háiléar a insliú nóta & sceitse *(7 + 7 marc)* | **14** |
| Cineál inslithe roghnaithe d'áiléar | **4** |
| Tiús inslithe | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **22** |
| **Cuid (b)**<br>An t-umar stórála agus an phíbobair a insliú. | |
| Modh le humar stórála uisce a insliú nóta & sceitse (5 + 4 mharc) | **9** |
| Modh le píboabir a insliú nóta & sceitse (5 + 4 mharc) | **9** |
| **Fo-Iomlán** | **18** |
| **Cuid (c)**<br>**Dhá** bhuntáiste a bhaineann le spás an áiléir i dteach a ardinsliú | |
| Moladh 1 | **5** |
| Moladh 2 | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 3

| Bailiú uisce báistí | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>An phíbobair chun an t-uisce báistí a bhailiú ón díon agus é a thógáil go dtí an t-umar stórála faoi thalamh. | |
| Sceitse . | **4** |
| An phíbobair chun an t-uisce a bhailiú ón díon | **4** |
| An phíbobair ón díon go dtí an t-umar stórála | **4** |
| Scagairí agus píobán sceite | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **16** |
| **Cuid (b)**<br>**An phíbobair ón umar faoi thalamh go dtí an t-umar stórála san áiléar agus go dtí an sistéal.** | |
| Caidéil | |
| An phíbobair ón stóráil faoi thalamh go dtí stóráil an áiléir | **4** |
| Scagairí | **4** |
| Umar stórála san áiléar | **4** |
| Comhla liathróide | **4** |
| Forsceitheadh 28 mm | **4** |
| An phíbobair ón áiléar go dtí an sistéal | **4** |
| Sistéal an leithris | |
| Comhlaí | |
| ***Aon mharc 6 x 4*** **Fo-Iomlán** | **24** |
| Sceitse | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **4** |
| **Cuid (c)**<br>Buntáiste **amháin** a bhaineann le huisce báistí a athúsáid i dteach cónaithe | |
| Buntáiste | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **6** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 4.

| Landair sheomra | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Sonraí tógála tipiciúil na landaire stoda | |
| Ceannphláta | **4** |
| Bonnphláta | **4** |
| Stodaí adhmaid | **4** |
| Snaidhmeanna nogtha | **4** |
| Lindéar dorais. | **4** |
| Nóta | **4** |
| **Cáilíocht sceitse** ***(ar fheabhas, maith, measartha)*** ***6 4 2*** | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **30** |
| **Cuid (b)**<br>Buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le landair stoda adhmaid a úsáid | |
| Buntáiste | **5** |
| Míbhuntáiste | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Cuid (c)**<br>**Dhá** bhuntáiste a bhaineann le seomra suí a dhéanamh a bheadh scartha amach ón gcistin | |
| Cúis 1 | **5** |
| Cúis 2 | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 5.

| Gearradh ceartingearach trí bhun an staighre | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Tarraing cuid ingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog | |
| Teaghrán 250 mm × 50 mm | **5** |
| Bonn 250 mm × 25 mm | **5** |
| Éadan céime 170 mm × 20 mm | **5** |
| Alt idir an bonn agus an t-éadan céime | **5** |
| Socnáil - 16 mm ar a laghad | **5** |
| Ding cheartingearach | **5** |
| Ding chothrománach | **5** |
| Bloic ghliú 60 mm × 60 mm | **5** |
| Líne chlaonta (uasmhéad 42$^{o}$) | |
| ***Aon 7 x 5 mharc*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Aon **trí** ghnáth-thoise 3 x 1 mharc | **3** |
| **Dréachtú, cruinneas agus scála** ***(ar fheabhas, maith, measartha)*** ***8 6 4*** | **8** |
| **Fo-Iomlán** | 11 |
| **Cuid (b)**<br>Taispeáin sonra dearaidh **amháin** chun díoscarnach a chosc nuair a bhíonn an staighre in úsáid | |
| Bloic ghliú / Dingeacha cothrománacha agus ceartingearacha a úsáid / Ceangal suite go dlúth idir an t-éadan céime agus an bonn. | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

## Ceist 6.

| Sábháilteacht Láithreáin | | |
|---|---|---|
| **Sonraí** | | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Taispeáin trí chomhartha sábháilteachta a leagann béim ar úsáid trealamh cosanta pearsanta (PPE) nach mór d'oibrithe a chaitheamh agus casúr neomatach á úsáid | | |
| Comhartha 1 agus cúis shonrach. | *(6 + 3 mharc)* | **9** |
| Comhartha 2 agus cúis shonrach | *(6 + 3 mharc)* | **9** |
| Comhartha 3 agus cúis shonrach | *(6 + 3 mharc)* | **9** |
| | **Fo-Iomlán** | **27** |
| **Cuid (b)**<br>Tabhair **dhá** riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrí tógála nuair a bhíonn uirlisí cumhachta á n-úsáid acu. | | |
| Riosca 1 | | **5** |
| Riosca 2 | | **5** |
| | **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Cuid (c)**<br>Trí úsáid a bhaint as nótaí agus sceitse saorláimhe, réamhchúram sábháilteachta **amháin** a laghdóidh an riosca don phobal fad is atá cosán nua á sholáthar. | | |
| Réamhchúram sábháilteachta nóta & sceitse | *(7 marc + 6 mharc)* | **13** |
| | **Fo-Iomlán** | **13** |
| | **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 7.

| Dearadh limistéar an ghairdín | | |
|---|---|---|
| **Sonraí** | | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>**Dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach spás gairdín a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais an teaghlaigh | | |
| Cúis 1 | | **5** |
| Cúis 2 | | **5** |
| | **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Cuid (b)**<br>Taispeáin an suíomh is fearr leat agus cúis le gach ceann díobh seo a leanas; spás itheacháin/maireachtála lasmuigh, stóráil ghairdín, ceapacha bláthanna agus limistéar faiche. | | |
| Sceitse | | **6** |
| Suíomh agus cúis bhailí don limistéar lasmuigh | (3 + 3 mharc) | **6** |
| Suíomh agus cúis bhailí don stóráil ghairdín | (3 + 3 mharc) | **6** |
| Suíomh agus cúis bhailí do na ceapacha bláthanna | (3 + 3 mharc) | **6** |
| Suíomh agus cúis bhailí don limistéar faiche | (3 + 3 mharc) | **6** |
| | **Fo-Iomlán** | **30** |
| **Cuid (c)**<br>Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le crainn agus plandaí a chur san áireamh i ndearadh an ghairdín. | | |
| Buntáiste 1 | | **5** |
| Buntáiste 2 | | **5** |
| | **Fo-Iomlán** | **10** |
| | **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 8.

| Téarmaí Tógála | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Mír a haon** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a dó** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a trí** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a ceathair** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a cúig** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 9

| Cumhdach adhmaid seachtrach, póirse tosaigh | | | |
|---|---|---|---|
| **Sonraí** | | | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Adhmad oiriúnach agus **dhá** chúis le do rogha | | | |
| Adhmad oiriúnach | | | **4** |
| Cúis 1 | | | **4** |
| Cúis 2 | | | **4** |
| | | **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Cuid (b)**<br>**Dhá** athrú ar an bpóirse a ligfeadh breis solais isteach sa teach. | | | |
| Athrú 1 ar an bpóirse | *nótaí + sceitse* | *(8 marc + 5 mharc)* | **13** |
| Athrú 2 ar an bpóirse | *nótaí + sceitse* | *(8 marc + 5 mharc)* | **13** |
| | | **Fo-Iomlán** | **26** |
| **Cuid (c)**<br>**Dhá** chúis cén fáth a thógfadh úinéirí tithe póirse tosaigh. | | | |
| Buntáiste 1 | | | **6** |
| Buntáiste 2 | | | **6** |
| | | **Fo-Iomlán** | **12** |
| | | **Iomlán** | **50 marc** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022***

# *Staidéar Foirgníochta*

# *Triail Phraiticiúil*


## *Comhleibhéal*

*(150 marc)*



## *Scéim Mharcála*

### *Lá 1*




# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


**Nóta**:
- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.





| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbha<br>• dearadh *2 mharc*<br>• deilbhiú *2 mharc* | **4** |
| | **Iomlán** | **14** |







| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Béalalt bairr<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• béal *3 mharc* | **7** |
| b. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc*<br>• tionúir *2 × 2 mharc* | **8** |
| c. | Déadalt<br>• eireaball *3 mharc*<br>• trinse *3 mharc* | **6** |
| d. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte stoptha<br>• moirtís *2 mharc*<br>• tionúr *2 mharc* | **4** |
| e. | Béalalt íochtarach<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Trinse *2 mharc* | **6** |
| f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• moirtís *3 mharc*<br>• tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Gabhdán duail<br>• Ionad lár i gcomhair na bpoll *2 × 1 mharc*<br>• trinse *2 mharc* | **4** |
| | h. | Claontaí<br>• claontaí *9 × 1 mharc* | **9** |
| | | **Iomlán** | **50** |

**Próiseáil an ionad níocháin**

| Béalalt bairr | (iii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• trinsí *2 × 3 mharc* | **6** |
| | b. | Béal<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **10** |
| **Moirtís is tionúr dúbailte** | **(iv)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Tionúir<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **8** |
| | b. | Moirtísí<br>• na moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| **Déadalt** | **(v)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déadalt<br>• gearradh an déadailt le sábh *4 × 1 mharc*<br>• an déadalt a scamhadh *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Trinse an déadailt<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh an trinse *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |
| **Moirtís & tionúr stoptha** | **(vi)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **7** |
| **Béalalt íochtarach** | **(vii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Trinsí<br>• sábhadh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• sábhadh leis an snáithe *2 × 1 mharc*<br>• barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| **Moirtís & tionúr maoléadanach** | **(viii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr 6 *mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **9** |

| **Gabhdán duail** | **(ix)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Poill a dhruileáil go doimhneacht de *2 × 2 mharc* | **4** |
| | b. | Trinse an duail a bhaint *3 mharc* | **3** |
| | c. | An dual a ghearradh go fad de *1 mharc* | **1** |
| | | **Iomlán** | **8** |
| **Deilbhiú & druileáil** | **(x)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Claontaí gearra *8 × 1 mharc* | **8** |
| | b. | Claonadh fada *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil agus poll leacaithe go beacht *2 × 2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| | **CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA** | **Marcanna** |
|---|---|---|
|  | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022***


# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

## *Comhleibhéal*

*(150 marc)*



## *Scéim Mharcála*
## *Lá 2*









# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


**Nóta**:
- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.





| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbha<br>• dearadh *2 mharc*<br>• deilbhiú *2 mharc* | **4** |
| | **Iomlán** | **14** |










| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Béalalt bairr<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• béal *3 mharc* | **7** |
| b. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc*<br>• tionúir *2 × 2 mharc* | **8** |
| c. | Déadalt<br>• eireaball *3 mharc*<br>• trinse *3 mharc* | **6** |
| d. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte stoptha<br>• moirtís *2 mharc*<br>• tionúr *2 mharc* | **4** |
| e. | Béalalt íochtarach<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Trinse *2 mharc* | **6** |
| f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• moirtís *3 mharc*<br>• tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Gabhdán duail<br>• Ionad lár i gcomhair na bpoll *2 × 1 mharc*<br>• trinse *2 mharc* | **4** |
| | h. | Claontaí<br>• claontaí *9 × 1 mharc* | **9** |
| | | **Iomlán** | **50** |


**Próiseáil an ionad níocháin**



| **Béalalt bairr** | **(iii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• trinsí *2 × 3 mharc* | **6** |
| | b. | Béal<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **10** |
| **Moirtís is tionúr dúbailte** | **(iv)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Tionúir<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **8** |
| | b. | Moirtísí<br>• na moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| Déadalt | (v) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déadalt<br>• gearradh an déadailt le sábh *4 × 1 mharc*<br>• an déadalt a scamhadh *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Trinse an déadailt<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh an trinse *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís & tionúr stoptha | (vi) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **7** |

| Béalalt íochtarach | (vii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• sábhadh trasna an tsnáithe *4 x 1 mharc*<br>• barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• sábhadh leis an snáithe *2 × 1 mharc*<br>• barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís & tionúr maoléadanach | (viii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr *6 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **9** |

| Gabhdán duail | (ix) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Poill a dhruileáil go doimhneacht de *2 × 2 mharc* | **4** |
| | b. | Trinse an duail a bhaint *3 mharc* | **3** |
| | c. | An dual a ghearradh go fad de *1 mharc* | **1** |
| | | **Iomlán** | **8** |
| **Deilbhiú & druileáil** | **(x)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Claontaí gearra *8 × 1 mharc* | **8** |
| | b. | Claonadh fada *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil agus poll leacaithe go beacht *2 × 2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| | CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA | Marcanna |
|---|---|---|
|  | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022***

# *Staidéar Foirgníochta*

# *Triail Phraiticiúil*


## *Comhleibhéal*

*(150 marc)*



## *Scéim Mharcála*

## *Lá 3*




# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


**Nóta**:
- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.




| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbha<br>• dearadh *2 mharc*<br>• deilbhiú *2 mharc* | **4** |
| | **Iomlán** | **14** |





| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Béalalt bairr<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• béal *3 mharc* | **7** |
| b. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc*<br>• tionúir *2 × 2 mharc* | **8** |
| c. | Déadalt<br>• eireaball *3 mharc*<br>• trinse *3 mharc* | **6** |
| d. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte stoptha<br>• moirtís *2 mharc*<br>• tionúr *2 mharc* | **4** |
| e. | Béalalt íochtarach<br>• trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Trinse *2 mharc* | **6** |
| f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• moirtís *3 mharc*<br>• tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Gabhdán duail<br>• Ionad lár i gcomhair na bpoll *2 × 1 mharc*<br>• trinse *2 mharc* | **4** |
| | h. | Claontaí<br>• claontaí *9 × 1 mharc* | **9** |
| | | **Iomlán** | **50** |


**Próiseáil an ionad níocháin**


| Béalalt bairr | (iii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• trinsí *2 × 3 mharc* | **6** |
| | b. | Béal<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **10** |


| Moirtís is tionúr dúbailte | (iv) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Tionúir<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **8** |
| | b. | Moirtísí<br>• na moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| Déadalt | (v) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déadalt<br>• gearradh an déadailt le sábh *4 x 1 mharc*<br>• an déadalt a scamhadh *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Trinse an déadailt<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh an trinse *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís & tionúr stoptha | (vi) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr<br>• gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **7** |

| Béalalt íochtarach | (vii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• sábhadh trasna an tsnáithe *4 x 1 mharc*<br>• barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• sábhadh leis an snáithe *2 × 1 mharc*<br>• barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís & tionúr maoléadanach | (viii) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr *6 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **9** |

| Gabhdán duail | (ix) | PRÓISEÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Poill a dhruileáil go doimhneacht de *2 × 2 mharc* | **4** |
| | b. | Trinse an duail a bhaint *3 mharc* | **3** |
| | c. | An dual a ghearradh go fad de *1 mharc* | **1** |
| | | **Iomlán** | **8** |
| **Deilbhiú & druileáil** | **(x)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Claontaí gearra *8 × 1 mharc* | **8** |
| | b. | Claonadh fada *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil agus poll leacaithe go beacht *2 × 2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **14** |
| | | | |
|  | | **CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA** | **Marcanna** |
| | | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Foirm A**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta**

# Staidéar Foirgníochta

Obair Chúrsa Praiticiúil
Scéim Mharcála

| | Critéir Mharcála | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Pleanáil an Tionscnaimh**<br>• Roghnú an obair chúrsa, taiscéalaíocht agus pleanáil bhainistíochta<br>• Fiosrú agus taighde cuí<br>• Forbairt dearaidh trí sceitsí anótáilte, le líníocht(í) oibre agus/nó shamhlacha | **40** |
| B | **Tuairisc**<br>• Seicheamh monaraithe, san áireamh fianaise ghrianghrafadóireachta agus/nó sceitsí<br>• Breithmheas criticiúil agus conclúidí ó thaithí an obair chúrsa<br>• Cáilíocht fhoriomlán na cumarsáide agus cur i láthair an fhóilió dearaidh | **35** |
| C | **Scileanna Lámhsiúcháin**<br>• Marcáil amach na n-ábhar<br>• Próiseáil agus cóimeáil na n-ábhar<br>• Raon agus doimhneacht na scileanna le feiceáil san déantúsán | **40** |
| D | **Críochnú an Tionscnaimh**<br>• An déantúsán críochnaithe go maith<br>• Cruthaitheacht agus oiriúnacht ar an obair chúrsa<br>• Cáilíocht fhoriomlán, comhleanúnachas agus cur i láthair na hoibre cúrsa | **35** |
| | **Total** | **150** |

**Nóta:** ***Cé go bhfanfaidh na ceannteidil ghinearálta agus na marcanna thuas mar an gcéanna den chuid is mó, d'fhéadfadh na miondealuithe a bheith éagsúil bliain ar bith.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán